

# GUTH GHOILL

## CÁ bhfuil muid mar Ghaeltacht?

Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Gaillimh ag déanamh taighde le roinnt bhlianta faoi úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá an taighde seo ar siúl acu do Roinn na Gaeltachta agus is cinnte go mbainfear úsáid mhór as na moltaí a bheas sa taighde seo nuair a shocrós an Roinn ar na teorainn úra don Ghaeltacht a tharraingt. Tá scrúdú déanta acu ar an chuid is mó de cheanntracha Gaeltachta na tíre ag an phointe seo agus tá Gaeltachtaí Thír Chonaill á scrúdú faoi láthair. Bhí an Dr. Conchúir Ó Giollagáin agus Fiona Ní Chualláin as an Acadamh anseo i gColáiste Ros Goill tamall ó shin chun fáil amach cad é mar a bhí cúrsaí Gaeilge sa cheantar beag Gaeltachta seo. Tugadh neart fógraíochta don chruinniú seo agus sin agus eile tá mé cinnte go raibh neart daoine nár chuala rud ar bith faoi dtaobh de. Ach ag cur sin san áireamh agus ag cur san áireamh fosta nach bhfuil sa cheantar Gaeltachta seo, idir cheantar na nDúnaibh agus cheantar Charraig Airt, ach tuairim is 1500 duine nach iontach an rud é nár thiontaigh suas don chruinniú seo ach suas le trí scór go leith duine. Cá raibh an mhuintir eile? An dtig linn an líon daoine a bhí i

Seo eagrán a deich agus mar a dúirt muid cheana féin tá seanphictiúir agus scéalta iontach tábhachtach dúinn agus bíonn muid iontach sásta iad a fháil uaibh. Tabharfaimid aire mhaith daofa agus gheobhaidh sibh arais iad taobh istigh d'am ghairid. Déan teagmháil linn ar 9154830 nó ceimaniar@eircom.net nó scairt isteach go dtí'n oifig idir 9am agus 5pm. Slán go fóill.



láthair ag an chruinniú an oíche sin a úsáid mar shlat tomhais don mhéid suime atá ag daoine i gcúrsaí Gaeilge sa phobal seo agus i stádas an cheantair mar Ghaeltacht? Is cinnte go bhfuil suim ag pobal an cheantair seo i gcúrsaí Gaeilge ach mura raibh suim ag daoine a theacht amach ag cruinniú comh tábhachtach sin an oíche sin cad é an seans atá ann go mbeidh siad sásta gníomhú chun rudaí a athrú? Tá an ceantar seo go mór i mbaol anois a stádas Gaeltachta a chailliúnt nuair a dhéanfar teorainn na Gaeltachta a aththarraingt fá chionn cupla bliain eile muna dtarraingíonn ach duine le chéile agus tacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí atá ar siúl cheana féin chun rudaí a fheabhsú. Níl na scoileanna ná Céim Aniar ábalta na hathruithe atá riachtanach sa cheantar a chur i gcríoch muna bhfuil toil an phobail go láidir ar a gcúl. Gan sin tá an cath caillte.

Má tá bród ar bith sa cheantar ó thaobh teanga agus cultúir de níl am ar bith níos tábhachtaigh ná mar atá faoi láthair chun sin a thaispeáint tré thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí atáthar a ndéanamh cheana féin. Ta dúshlán mór romhainn agus caithfear tabhairt faoi, sin nó tabhairt isteach mar dhéanfadh cídeoga ann agus an doras a dhruid ar cheantar Gaeltachta.

Níl dóigh ar bith a dtig linn ligint do sin tarlú.

**Caithfidh an pobal a bheith gníomhach agus cibé Gaeilge atá agat labhair í.**

## Fadó fadó

Is é seo seancharta poist a fuair muid ó Mháirtín Uí Chathasaigh. Níl fhios againn cén bhliain a glacadh an grianghraf seo ach tá sé soiléir go bhfuil athruithe móra ar thimpeallacht na nDúnaibh ón am sin. Tabhair faoi deara an pháirc pheile agus fosta na tithe ó choirnéal Mhartín Beag go dtí Stáisiún an Garda Cóta.





Seo é an pictiúr deireanach de rann a sé le chéile ag Scoil Naomh Bríó, na nDúnaibh agus Scoil Cholmcille, Daibhlinn Riabhach. Beirh siad ailiú a g bozaobh ar aghaidh go dtí an mbeán scoil i mblíana. Ádh mór orthu!!

## Scoil Naomh Bríó, na Dúnaibh



**Ar chlé: (líne cúl)** Ruairí Ó Sibhleáin, Ciarán Mac Giolla Bhríde, Brian Mac Giolla Bhríde, Stephanie Ní Bhuntain, Zara Ní Shúileabhán, Cara Ní Chonchúir, Ciara Ní Chlíode, Dillon Ó Buaidhe, Doimnic Ó Siall,  
**(líne tosaigh)** Pádraig Ó Dochartaigh, Stiofán Ó Gallchóir, Laura Nic Aodha, Róisín Ní Mháirtín, Niall Mac Giolla Bhríde.  
**As láthair** – Ben Mac Nuadht, Luke Mac Giolla Bhríde, Eimear Nic Giolla Bhríde.

## Scoil Cholmcille, Daibhlinn Riabhach.



**Darren Mac Pháidín, Damien Ó Conchúir, Conchúir Ó Siall, Bearraí Mac Aodh, Niamh Nic Giolla Bháin, Shauna Ní Ghallchóir.**  
**As láthair** – Máirtín Mac Giolla Bhríde agus Máirtín Ó Dochartaigh.



# Cápla Seanfhocal



## AR MUIR AGUS AR MÓRTHÍR.

Luaigh muid in eagrán eile de Guth Ghoill go raibh sraith scéalta scríobhtha ag Seán Mac Pháidín nó Jack mar ab fhearr a bhí aithne againne air, fear a chaith a shaol ag teagasc sa cheantar seo agus go raibh an teaghlach ag obair chun iad a chur i gcló. Tá na scéalta curtha in eagar ag Míchéal Mac Aodha, múinteoir a chaith páirt mhaith dona shaol ag teagasc i gcuideachta Jack.

Sraith de scéalta atá ann a scríobh Jack i 1991 atá roinnte ina dhá chuid: Cuid 1 a bhaineas leis an fharraige agus Cuid 2 a bhaineas leis an mhóirthír. Tá tragóidí, imeachtaí, carachtaí agus an teanga sa cheantar ina measc. Bhéarfaidh na h-ainmneacha seo blas díobh ar na cinéail scéalta a bheas ann:

### Cuid 1—AR MUIR.

Oitir na gCorr 1800  
Mallacht an Albanaigh 1818.  
Tragóid na gCurach 1848.  
Tréan Gnoithe ar na Cladaigh.  
Anton Rua agus an ‘Carraig Airt’

### Rosceoil

Beidh an grúpa Rosceoil ag buaileadh ceoil achan oíche Dé Aoine sa Síbín Ceoil agus achan oíche Déardaoin sa Réalt Thuaidh i rith an tsamhraidh. Is grúpa é seo ina bhfuil scoth na gceoltóirí ón pharóiste ag buaileadh ann gan trácht ar na hamhránaí galánta ina measc. B’fhiú díobh oíche nó beirt a chaitheadh leo agus go hairithe má tá daoine ar cuairt agaibh ag an am seo den bhliain seolaigí iad i dtreo an cheoil mar níl a shárú faoin áit.



Is mac duit do mhac go bróstar,  
ach is mion duit t’ mion  
go dtéigh sí sa chré.

Bíonn caora dhubh ar an  
tréad is gile.

Is minic a ghearr teanga daine a  
scornach.

An áit a mbíonn mál bíonn cairt agus  
an áit a mbíonn géanna bíonn callán.

Na ceithre rúd is measa amú;  
Ceann tinn, béal seirbh, intinn  
bhuartha, agus póca folamb.

Pádraig John Phaidí.

Na Bradáin Mhealtacha 1927.

Na Diúlaigh Meidhreacha.

Géarbhach Gaoithe Rinn a ‘

Fachlaigh 1932.

### Cuid 2—AR MÓRTHÍR.

Doimnic Ó Domhnaill 1700—1793.

Na Séideáin Ghainimh. 1783—1785.

An Mairtíreach Óg 1843.

An Tiarna Liatroma 1806—1878.

Na Naochaidí agus na

Fichidí Corraitheacha.

Oid Fheis Mhíobhaigh 1927.

Coimisiún na Gaeltachta. 1925.

Staid na Gaeilge i láthair na huaire.

*Níl amhras ná go gcuirfidh an leabhar seo go mór le scéal shóisialta an cheantair. Dar ndóigh beidh neart pictiúirí san fhoilseachán chomh maith agus tá Ciarán mac Jack ar a dhícheall faoi láthair chun achan rud a ullmhú don fhoilsitheor. Tá suil againn go mbeidh an leabhar againn in aiciorracht.*



### An Naíonra

Beidh Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne ag tosú suas arís i ndiaidh an tsamhraidh i Mí Mean Fómhair. Is deis í seo ag páiste bunús fíor mhaith Gaeilge a fháil sula dtosaíonn siad ar an bhun scoil. Má tá suim agat áit a eagrú do do pháiste buail is-teach chuig Céim Aniar nó cuir glaoch orthu ag 074-9154830.



Doire a 'Chasáin Mór (ar leanstan)

Giota beag siar an bealach tá teach Donn John Thuathail. Gréasaí a bhí ann agus thagadh daoine as gach cearn chuige, lena gcuid bróga a fháil bonnaithe. Bhí an teach sin druidte suas le bliantaí, ach tháinig mac do Chonchubhair Donn 'na bhaile sna bliantaí deireanacha seo agus rinne sé suas an teach. Tá sé fíor-ghalánta clann an mhuintir a d'imigh a fheiceáil ag pilleadh ar ais ar an tsean-fhód. Tá teach Ned Thuathail ar an taobh chéanna den bhealach mhór.

Phós John Peggy Shields as an Ghleann. Tá Peggy agus an clann ansin i gcónaí, ach tá John marbh le cúpla bliain mhaith anois. Thosaigh John ag búistéireacht nuair a tháinig sé na bhaile ó chabhlaigh farraige an chogaidh dheireanaigh, áit ar bronnadh an "King George Cross" air de thairbhe é eitleán de chuid na Gearmáine a scaoileadh go talamh. Fear deas cairdiúil, greannmhar, modhúil, múinte a bhí ann, ach mar a léirigh sé, cróga agus misniúil chomh maith.

Ar an taobh eile den bhealach mhór bhí trí theach – Teach Neití Neilí, Teach Jimmy Mhicí agus teach Hannah John Chaitlín.

Bhí ballóg theach Hannah John Chaitlín ansin



go dtí le goirid. Is le Charlie Mac Íomhar an áit anois, agus tá teach úr tógtha aige ann.

Tá teach Neití Nellí ina theach mór dhá stóir. Biddy Coyle a bhí ar bhean Neití agus bhí naonúr clainne acu, mar bhí, Paidí, Ned, Den, Johnny, Aeneas, Hughie, Anton, Mícheál agus Mary Ellen.

Bhí Mary Ellen pósta ar Hughie Haughey, nia do chuid Mharcuis Rua, agus bhí iníon amháin acu – Philomena. Tá sí ina cónaí i mBaile Feith, ach caitheann sí neart ama anseo fosta. Bhí siopa ag Mary Ellen stocáilte le gach seoirt earraí a bheadh a dhíth ort. Ach mo léan, níl siopa fá'n áit anois.

Ansin tá teach Jimmy Mhicí. Teach Mór imirt cártaí i n-am amháin (mar a bhí Teach Hannah Chaitlín fosta). Bhí Máire Jimmy Mhicí pósta ar Myles Gallagher as Carraig. Tá Máire (Jimmy Mhicí) ina cónaí sna Dúnaibh anois, agus an seanteach druidte suas, ach tá teach deas úr tógtha ag iníon Mháire, 'sé sín, Máire Fahey, nó "an Breitheamh" mar a thugaimid anois uirthi.

Is cúis bhróid dúinn duine dár muintir bheith ina breitheamh. Tá beirt mhac eile ann, mar tá, Josie i Sásanna, agus Andy i gCalifornia - ceoltóir an-mhaith. Bhí Mac eile acu, Myles, an fear a b'óige. Fuair seisean bás cúpla bliain o shoin agus gan é ach óg.

Siar, ag tarraingt ar an Bhaile Úr, tá teach Tony Den Anton atá pósta ar Bhiddy Hughie Den. Thóg siad an teach seo ins na seascaidí. Tá beirt clainne acu, Máire Bríd agus Anthony.





Is dóiche gurb iad na sean-bhallogaí atá le feiceáil anois iadsiúd a bhí úr san am a tugadh “An Baile Úr” ar an chuid seo de Dhoire a’ Chasaín Mór.

Ós coinne teach Frank Bhoy nó teach Bhernie Frank, tá ballóg Theach Bhoy. Marcus an t-ainm baiste a bhí ar Bhoy, agus níl fhios tuige ar tugadh “Boy” air ach is léir go raib sé ina “Lad”. Bhí Boy pósta ar dhuine de mhuintir Frank (O’Buadhaigh) as Dumhaigh. Bhí ochtar



clainne acu, John, Marcus Frank, Brianí, Nóra, Gracey, Katie agus Máire. Bhí deirfiúr ag Boy a raibh Máire uirthi, agus bhí sí pósta ar Mhicí O’Canainn ar an Ardbán.

Phós Frank Bhoy Hannah Conchubhair Rua as Baile an tSléibhe agus bhí ochtar clainne acu, mar bhí, Bidy, John, Mark, Conn, Francis, Bernie, agus beirt ghirseach bheag a fuair bás ina naonáin – Nóra a bhí ar an bheirt acu. Phós Francis Katie Nic Rodaigh as an Ardbán. Tá naonúr clainne acu agus chónaigh siad uilig ar an Ardbán, ach fuair Francis bás cúpla bliain ó

shin. Bhí siopa ag Mark a fuair bás ins na caogaidí. Ba ghnáth le h-imirt cártaí a bheith ann san oíche agus earraí ón siopa ann mar dhuaiseanna. Níl fágtha den chlann anois ach Bernie agus é ina chónaí ar an Bhaile Úr i rith an ama.

Tá ballógaí sheanteach John Nothaí, teach Jimmy Shisile, Teach Mhicí Bhig, uilig ansin i ngar do theach Bhernie Frank agus teach Hardy. Fuair Hardy bás sna seascaidí.

### Teach John Nothaí

Bhí John Nothaí pósta ar Bhríd John Ruaidh, deirfiúr do Ned John Ruaidh.

Seachtar clainne a bhí acu. Bidy agus Neilí a chuaigh go Meiriceá, agus a fuair bás ann,



Máire a bhí pósta ar Hughie Mhanuis i nDumhaigh, John Nellis, Ned agus Charlie. Bhí Ned pósta ar Fanny Phaidí John Phaidí agus iníon amháin acu, Bridie. Tá sise pósta ar Éamonn Mhicí Ned Ruairí agus tá siad ina gcónaí sna Dúnaibh agus beirt déag clainne acu. Bhí Charlie pósta ar Mháire John Eoghain agus





bhí beirt mhac acu, James agus John. Tá John ina cheannaire ar an INTO. Cúis bhróid eile do Dhoire a' Chasáin.

### Teach Hardy

Bhí Hardy pósta ar Mhinnie Ferry as an Chaiseal, ach chá raibh teaghlach ar bith acu. Fuair sé bás sna seascaidí.

### Teach Jimmy Siosalach

#### Teach Mhicí Bhig

Bhí beirt mac ag Micí Beag agus iníon amháin, Neití, Micí agus Máire. Phós Neití deirfiúr do Bhonáí Bheag as an Mheall Mhór. Fuair sí bás óg agus d'fhág ceathrar de theaghlach ina di-aidh, siad sin, John, Micí, Katie agus Máire.



Bhí Micí agus Neití ina gcónaí le chéile ansin, go dtí go bhfuair siad bás 'sna caogaidí. Teach a bhí i dteach Mhicí Bhig, mar go leor



tithe eile san áit, a thugadh dídean do lucht an



tsiúil fadó. Bhí fear siúil amháin ann a thagadh go rialta – “O Malley” a thugtaí air. Chuirte leaba chocháin sa chlódaigh dó, áit a gcodlódh sé go srannfach go maidin. Deirtear gur máistir scoile a bhí ann - O Malley, a briseadh as a phost, de thairbhe é a bheith ró thugtha don ólachán.

Seo an seort rud a raibh Séamus Mac Giolla Bhríde ag tagairt dó “and then to see prepared for me, a shakedown by the wall” – san amhrán chliúiteach sin “the Homes of Donegal”.

### Teach Mharcuis Bhig

Tá teach Mharcuis Bhig ar an taobh thall den bhealach, cúpla céad slat o theach Bhernie Frank. Deartháir do Charlie Harley as Baile an Mhullaigh a bhí i Marcus. Phós sé Sisile Hughie Den as Dumhaigh. Bhí seisear clainne acu agus iad uilig ina múinteoirí scoile. Tá Marcus marbh le fada, ach tá Sisile ina cónaí ansin go fóill agus í ós cionn deich mbliana 's ceithre scór.

Tá teach Nellis mar a ba ghnáth linn a thabhairt air cúpla slat ó theach Frank ach díoladh é agus is le Hamilton as Albain é anois.

Fágann sin teach Sheáin Mhóir thiar ar Chnoc an





Dúin. Bhí sé ina chineál lárionad don cheantar i bhfad ó shin, mar is ann a bhí an siopa breá. Ba ghnáth linn dá mbeadh pingin againn, ag sos lóin na scoile, 'ghabhail anonn tigh Sheáin Mhóir fá choinne losaingéirí (gheofá dhá cheann ar phingin amháin). Sally a bhí ar bhean an tsiopa. Chá raibh Sally pósta. Bhí neacht di ina conaí leí – Sarah. Phós Sarah Johnny Doherty, ach fuair Sarah bás an-óg. Bhí ceathrar clainne acu, Bairbre, Terence, Eileen agus Máire. Chuaigh siad uilig ag múinteoireacht agus fuair Sally agus Johnny Doherty



bás.

Dálta achan siopa eile san íochtar, nuair a chuaigh an daonra i meath, creidim nach raibh sé ag déanamh gnáithe ró-mhaith ina dhiaidh



sin. Cibé ar bith níl siopa Sheáin Mhóir ann níos mó, an áit díolta, doras dúchasach eile dru-  
idte agus gan fágtha ach cuimhneacháin.

### Siopa Marc Frank

Cuimhneacháin phléisiúracha olla, boladh agus blas na losaingéirí sin nach n-imeoidh a choíche as intinn agus anam, seandaoine ag machnadh agus ag samhlaíocht siar ar an lane faoi Chnoc

an Dúin, páistí ag pilleadh ar scoil.

Seo mar a bhí Doire a' Chasáin Mór sa tsean-am. Bhí craic, ceol, comhrá, cuideachta, cairdeas, cumadóireacht, réacáil, imirt cártaí, curadóireacht, léann, trachtal agus creidim, leoga, troid ann.

Chá raibh morán airgid ann ach luamar trí shiopa, muileann mine, áithe aoil, cumadóirí, ceoltóirí agus gréasaí bróg – ach d'imigh sin agus tháinig seo – Sea! Caide a tháinig? Bhféidir go scríobhfadh duine d'aos óg Dhoire a' Chasáin Mór cuntas ar an áit mar atá sé anois. Beidh muidinne i nGuth Ghoill ag fanacht go



dóchasach leis an chuntas sin, don chéad eagrán eile.

Ba mhinic a shiúil muid thart le Coláiste Ros Goill inár n-óige agus sa lá atá inniu ann tiomáineann muid thart agus gan morán aird ná amhail againn ar an stair agus an cúlra a bhaineann leis an áit. Bhí sé ina sheasamh ansin díomhaoin go leor ar feadh na mblianta taobh amuigh de roinnt seachtainí i rith an tSamhraidh. Is dócha go dtiocfaí a rá go bhfuil sé ina sheasamh ansin mar shiombail do Ghaelachas an cheantair san am a chuaigh thart. Is trí thimpist ar dhóigh go bhfuil Céim Aniar lonnaithe ansin anois ach tá sé spreagúil go bhfuil beocht suntasach arais i bhfoirgneamh nach ndearna a dhath le blianta ach de shíor ag cur i gcuimhne dúinn an saibhreas iontach ó thaobh teanga agus cultúir de a bhain leis an cheantar seo. Tá achan sórt imeachtaí ó cheann ceann na seachtaine ar siúl ansin anois – iad ar fad i nGaeilge agus is as atá an tionscnamh pleanála teanga á phleanáil, a eagrú agus á stiúradh. Níl sé de dhánacht i nduine ar bith a bheith ag maíomh go mbeidh cúrsaí



## Coláiste Ros Goill.



Gaeilge a choíche mar a bhí siad, go mbeidh rudaí mar a fuair Séamus Ó Raghallaigh iad trí scór bliain ó shin. Ní fhanann rudaí seasmhach, athraíonn rudaí ó ghlún go glún ach ní hionann sin is a rá go dtiontaíonn muid ár ndroim ar chuile rud. Ní féidir an ceangal idir teanga agus féiniúlacht a dheighilt agus tá an ceangal seo leis an choláiste tábhachtach. Tá sé dhá bhliain déag ó shin anois ó rinneadh Iubhaile Órga an choláiste a cheiliúradh. Comhaltas Uladh a chur an coláiste ar bun i 1944 chun cúrsaí Samhraidh a reáchtáil do dhaoine fásta -- do mhúinteoirí agus d'ábhar múinteoirí a bhí gníomhach i gceantais. Bhí coláiste a dhith orthu i gceantar nach raibh páistí scoile ar bith ag tarraingt air. B'é Séamus Ó Raghallaigh, fear ó Bhéal Feirste agus fear a chaith neart bliantaí ina chónaí ar an Mhuirleog ina dhiaidh sin, a roghnaíodh chun tabhairt faoi seo. Is ar an cheantar seo a leag sé a shúil agus rinneadh an chéad chúrsa a reáchtáil i Ros Goill i Samhradh na bliana 1944. Ní raibh an choláiste ansin ag an am agus mar sin de bhí na ranganna ar siúl i Scoil Dhoir 'N Chasáin. Tosaíodh ar an

### Ceanntar Ros Goill

*Ros Goill ! Ros Gaedhealach ! Ros atá chomhair a beith ina oileán eadar Cuan na Long agus an Mhaol Ruadh, fiche míle amach ó Leitir Ceanainn.....druim mór carraigreach ag gobadh amach san fharráige agus ascaillí ag na bhun de thalamh mhaith.*

*Tá Ros Goill ar ait comh h-áluinn agus atá i dTír Chonaill. Tá radharcannaí sliabh agus*

*choláiste a thógáil i Mí Meán Fhómhair 1951 agus rinne an Taoiseach Éamon De Valera é a oscailt go hoifigiúil i Mí Iúil na bliana 1952. Dar ndóigh ba lá bródúil a bhí anseo, ní amháin do Chomhaltas Uladh ach do bhunadh na háite chomh maith. Thart fá 8000 a chosain sé an choláiste úr a thógáil ag an am. I Scéal Choláiste Ros Goill a foillsíodh do cheiliúradh Iubhaile Órga an Choláiste i 1994 dúirt Séamus Ó Raghallaigh ina alt ' Le linn an cheiliúrtha tá sé nadúrtha agus intuigthe daoine bheith ag amharc siar agus a bheith bródúil as a bhfuil curtha i gcrích acu. Ní leor bheith ag amharc siar amháin. Caithfidh muid bheith ag amharc amach fosta. Mar deir an seanfhocal: 'Is fearr amharc amháin romhat ná trí amharc ar do chúlaibh' agus leoga nach aige a bhí an ceart ach san am chéanna tá amanna ann a dtabharann an amharc siar an spreagadh atá riachtanach.*

*fairrge ann, radharcannaí cuan agus traigh a tharraingeas na mílte ó chéin agus ó chomhgar lena bhfeiceáil.*

*Gabh amach, lá breagh samhraidh, an bealach a theid thart ar an ros, amach as na Dúnaibh fríd Doire an Chasáin go Dúbhaigh ; amharc tamall ar Thraigh na Rosann sínte go suaimhneach thíos fut ; suas annsin fríd Mhíodhbhuidhe go bhfeicidh tú an Mhaol Ruadh ag síneadh isteach uait go Log an*



Oileáin. Tá turas tugtha agat thart ar an ros, agus chonaic tú ann radharcannaí a fhanochas i do chuimhne flad 's a bheas cuimhne agat, agus a bhearfás ar ais arís agus arís eile don chuimhne an áilleacht sin a bheir suaimhneas do intinn an duine agus a chuireas gliondar ar a chroidhe i nduibheagán an Gheimhridh féin.

Gabh suas lá gréine, má tá tú acluidhe, go barr Gháine ; amharc soir thar an Mhaoil Ruaidh ar Fhaniaid ; siar thar Cuan na Long ar na hArdaibh agus ar an Mhucais ; amharc amach siar ó thuaidh ar Chorrán Beinne Mór agus ar Chorrán Beinne Béag ina seasamh ina stacain dubha mar bheadh dhá fhaireachan ann ar cheanntar a dtugadh áilleacht ar leith do nach dtugadh do mhorán áiteach eile.

Amharc ar sin uilig go mbeiridh an áilleacht greim dlúth docht ar do chroidhe agus ar do intinn, greim nach scaoilfear le do bheo, greim a tharronnas ar ais thú bliain indiaidh na bliana go Ros Goill áluinn aerach. Tuigfidh tú annsin cad chuige ar tearc áit, fiú amháin i dTír Chonaill na n-iliomad ball áluinn a shásuigheas an té a d'amharc uair amháin ar Ros Goill.

Tá sé sa tseanchas gur as Goll Mór Mac Moirne atá an áit gortha agus gur annseo a rinne sé and troid dheireannach sin le Fionn a thug a bhás. B'éigean do Gholl teicheadh. Thug sé léim amach ar charraig mhara atá thoir ag tóin Ros Goill. Mar a dubhairt sé féin,

*“Deich lá fhichead beo gan biadh,  
Tearc neach bhí romham ariamh,  
Ag ól an tsaile sheirbh ruaidh  
Ag ithe fraochoige fliche fuaire.”*

**Ar an charraig sin a fuair sé bás.**

An lá a osclaíodh an choláiste go hoifigiúil bhí an t-alt seo san chlár oifigiúil don lá. Cur síos álainn atá ann ar an cheantar. Nach mbeadh sé peacach an áilleacht seo a mhilleadh?

## Tráth na gCeist.

Bhí tráth na gceist a reachtáil againn i mbliana ó Feabhra 16ú go dtí Aibreáin 13ú. Bhí lúcháir orainn gur ghlac an oiread sin foirne páirt sa tsraith agus go háirithe gabhaimid buíochas leis na foirne sin a bhí ansin achan oíche ag coraíocht leis na ceisteanna. Tá shúil againn gur bhain sibh uilig sult as an rud agus go mbeidh sibh arais linn.

Bhí an babhta deireanach ann Déardaoin 13ú Aibreáin sa Síbin Ceoil. B'é Teach Tabháirne Shuss an buaiteoir an oíche sin agus b'é Ostán Charraig Airt a bhuaidh an comórtas iomlán.



Airgead sa bhreis ar bith a bhí againn, chuir muid é leis an airgead a thóg Fionna agus Caitlín ag an Mhaidin le Caife as Gaeilge a bhí acu, agus bhronn muid 600 Euro ar Gharda Cóta na Maoil



# NÍOR lion beannacht bolg riamh



'A blessing doesn't fill the stomach'

## FEADAÍMÓ

(3) Tá Feadaímó anois trí bliana déag d'aois agus tá sé féin agus na fir ar an phortach. Tá Seán Mhaire Den, comharsa béal dorais ag Feadaímó, á leanúint ag na saighdiúirí dearga. Fear óg aclaí atá i Seán ach tá leath-dhosaen Dragún ar chapail bhreátha i ndiaidh luíochán a dhéanamh roimhe agus tá an fear bocht in abar.

Ní raibh seans ar bith aige leis na beithigh agus bheir siad air gan buaireamh. Bhuail duine de na dragúin é le cos a lansa agus thit sé ina chnap ar an chaorán. Tháinig na saighdiúirí ansin agus tosaigh siad a chiceáil agus a bhuaileadh lena ngunnaí.

Bhuail taom feirge Feadaímó agus lig sé béic as fhéin. Thóg sé sleán agus thosaigh sé ag rith i dtreo an racáin.

Bhí Proinsí Rua, uncail Feadaímó, ina fhear mór láidir agus léim sé ar dhroim Feadaímó. Thit an bheirt acu isteach sa pholl ach chaith Feadaímó Proinsí ar shiúil uaidh mar a bheadh bábóg ann. "Ciall agat a Fheadaímó" a scairt a athair ón bhruach. "Scaoilfeadh na boic sin thú gan leithscéal ar bith." Tháinig cuid de na comharsana le cuidiú leo Feadaímó a shocrú. "Níl a dhath a thig leat a dhéanamh a Fheadaímó agus na saighdiúirí ina seasamh ansin ag fanacht ort" dúirt Hiúdaí Hughie Mór. "Láidir is uile is 'tá tú a ghasúr, is feoil agus craiceann atá ionat agus rachaidh piléar triot." Léim Feadaímó amach ar an bhruach agus d'amharc sé i dtreo na saighdiúirí. Bhí achan fhear acu ina sheasamh agus a ghunna dírihte ar mheitheal Pháidí Dhomhnaill agus bhí captaen na ndragún ar a bhealach anonn chucu.

Sheas Feadaímó, óg is eile is mar a bhí sé chan

amadán a bhí ann agus thig sé an contúirt. Sheas a athair ag a thaobh agus Proinsí Rua díreach ar a chúl. Labhair Páidí leis faoina anáil. "Ná habair a dhath agus ná taispeáin fearg don bhoc seo a ghasúr." Dúirt Proinsí leis i gcogar, "níl aon duine marbh go fóill a Fheadaímó, agus coinneoidh muid mar sin é." Fear mór caol a bhí ins an Chaptaen, agus dhá shúil liath, mhíthrócaireach ina cheann aige. Rinne sé a chapall a shrianadh díreach os comhair an triúir acu. Bhí siotgháire ar a bhéal agus labhair sé le Feadaímó. "Did i perceive something of a commotion occurring amongst the natives?"

Níor thuig Feadaímó focal a dúirt sé. Cosúil leis an chuid is mó de mhuintir na háite ag an am sin, ní raibh oiread Béarla aige is a bheannódh é féin. Bhí Páidí agus Proinsí an dóigh chéanna. Fir nár fhág an baile ariamh agus gan ach Gaeilge ina saolta ó rugadh iad. Thiontaigh an captaen agus rinne sé comhrá. Tháinig na dragúin eile a fhad leis. "It would appear gentlemen that we have happened upon a nest of mutes". Thosaigh na Dragúin ag gáire. "Perhaps we should teach them to answer their betters." They don't understand you sir". Thiontaigh achan duine. Conal Óg a bhí ann. Ba seo fear a chaith cúpla bliain in arm na Sasana. De ghnáth, ní bheadh mórán meas ag muintir na Gaeltachta do fhir a ghlac scilling an Rí ach bhí cás Chonail difriúil.

Kidnappers Dhoire a thóg é lá amháin ceithre bhliain roimhe sin. Bhí an cogadh sa Leithinis Ibéarach idir Wellington agus Napoleon faoi lán tseoil agus fir de dhíth go géar don arm. Is é an rud a tharlaítt ag an am sin, ná, fear ar bith ón Ghaeltacht a rachadh isteach go Doire agus é ina aonar bhí sé i gcontúirt. Rachadh fear a raibh Gaeilge aige ina araicis leis agus mhealfadh sé isteach i dteach tábhairne é chun deoch a cheannacht dó. Ba é sin an deoch nach ndéanfadh maith dó. Mhusclódh sé suas agus é faoi ghlas i mbeairic na gcótaí dearga agus na Kidnappers i ndiaidh pá mhaith a fháil ar a shon. Beireadh ar Chonall Óg an dóigh sin agus chaith sé bliain go leith le Wellington sa Phortaingéil sular chaill sé súil i luíochán a chuir na Francaigh roimh a bhriogáid.

D'amharc an Captaen air. Nuair a chonaic sé an créacht ar a aghaidh, labhair sé go maslach leis. "Who might you be, and how did you get that wound?"

Stealing hens no doubt!" Thosaigh na dragúin ag gáire. Dhirigh Conal é féin suas. "My name is Conal Mac Bride, ex corporal of the 1<sup>st</sup> Rifles, Ulster Rangers, i got this wound on the Spanish Portuguese border." Stad an gáire agus fiú amháin an Captaen bhí níos mó measa ina ghlór nuair a labhair sé ar ais. "Well Corporal, did you see what the commotion was about here?" "Yes Captain, i did. The lad there fell into the hole" "I see" dúirt an Captaen, "very well then we'll be off, we've got a scoundrel to hang." D'amharc sé ar Fheadaímó agus labhair sé arís, "we've got lots of rope." Níor bhog Feadaímó méar. Thiontaigh na capaill agus síos leo a fhad leis na saighdiúirí. Chuir an Captaen rópa thart ar mhúineál Sheán Mhaire Den agus cheangal sé an taobh eile ar a dhiallait. Lig sé scairt as agus d'imigh siad ar



bhogsodar síos i dtreo an bhealaigh agus an príosúnach bocht ag rith ina ndiaidh. Ní raibh an Captaen ró-chúramach faoi Sheán bocht agus b'iomáí thuisle a baineadh as idir an portach agus an bóthar cothrom.

Labhair Páidí agus é ag amharc ar thuras pianmhar Sheáin Mhaire Den. “Tá an Captaen sin gaolta leis an diabhal gan amhras ar bith.” Shiúl Conal chun tosaigh agus bhuaíl sé cic ar fhód móna. “Chonaic mise go leor dena mhacasamhail. Bastards. Síleann an boc sin nach bhfuil ceart ag an gnáthdhuine a anáil a tharraingt gan cead uaidhsean. Nach bocht ár stádas mar Ghaeil.” D’amharc sé thart agus thit cinn na bhfear ceann i ndiaidh an chinn eile agus é ag labhairt. “Scór go leith de fhir bhreátha ina seasamh thart anseo agus gan muid ábalta oiread is lámh a thógáil; agus fear dár gcuid féin a tharraingt chun a bháis mar bheadh asal ann ag an namhaid.” “Tá an ceart agat,” dúirt Proinsí Rua, “ach níl neart air. Níl mórán maith sa tsleán in éadan an mhuscaed. Agus cad é’n mhaith do leathdhosaen ná níos mó dúinne a bheith ina luí marbh ar mhisean éadóchasach.” D’amharc Páidí ar Fheadaímó agus chonaic sé an fhearg sna súile aige. Tá an ceart ag Proinsí a Fheadaímó, Caidé a thig linne a dhéanamh in éadan saighdiúirí an Rí. Goitsígí a fheara, tá obair le déanamh. D’imigh na meithleacha éagsúla chuig a gcuid bachtai féin agus chuaigh i mbun oibre. “Cogar a Fheadaímó,” dúirt Páidí, “suí ag an tine anseo agus beidh an lón againn.” “Níl ocras ar bith ormsa agus níor cheart ocras a bheith ar aon duine i ndiaidh an rud a chonaic muid. Ní chreidim go bhfuil sibh chun suí anseo agus gan rud ar bith a dhéanamh do Sheán bocht. Dhéanfaidh mise é a shaoradh mé féin.”

Chuir Proinsí a lámh ar ghualainn Fheadaímó agus d’iarr sé air suí. “Tóg an meáchan do na cosa bomaite a ghasúir, agus ith rud inteacht mar geallaim duit go mbeidh sé de dhíth ort. Tá obair mhór le déanamh roimh luí na gréine. D’aithin Fheadaímó rud éigin ina ghlór agus d’amharc sé ar a uncail. “shíl mise go raibh eagla ortsa leis an dóigh a labhair tú fá na muscaeid.” Shuí Proinsí agus tharraing sé ubh as an phota. “Bhí eagla orm agus tá eagla orm ach ní hionann sin is a rá nach bhfuil mé chun rud ar bith a dhéanamh do Sheán Mhaire Den. Bhí mise agus a athair Seán Mór in ár gcairde ó ghlac muid an chéad choiscéim.” Bhí an bhlaosc den ubh faoin am seo agus chuir sé an ubh ina bhéal. Shín Páidí buidéal de bhainne milis aige. Bhí an bainne deas fuar i ndiaidh a bheith ina shuí istigh i sruthán beag. “B’iomáí oíche a chaith muid fá Thrá na Rossan ag fanacht ar bhál saigheain theacht isteach, agus níl cuntas ar an mhéid brádáin a thug muid i dtír sular cailleadh é taobh thiar de Char na bhFranc.” Ghlac sé sluga ón bhuidéal. “Tharla sin an bhliain céanna is a rugadh thusa a Fheadaímó. An duine bocht ní bhfuair siad an corp ariamh. Cibé ar bith fágadh a bhean Máire ina baintreach le seisear páiste óg faoina cúram. Cailleadh triúr acu sin ag an bholgach agus duine eile acu ag an eitinn. Níl ach cailín beag amháin fágtha anois aici, an duine is óige, Aoife. Ba Seán an t-aon

mhac a bhí aici agus anois tá seisean i gcontúirt a bháis, nach bhfuil dóigheanna an Fhir thuas aisteach?” Dhearg Paidí a phiopa le aibhleog ón tine agus chuir sé a chúl leis an bhruach. “Tá an saol seo aisteach níl dabht ar bith fá dtaobh do ach caífeair glacadh leis na cártaí de réir mar a thiteann siad. Anois a Fheadaímó, cha dtiocfadh linn labhairt os comhair achan duine; cha bheadh fhios agat cé bheadh ina spiaire. Tá tusa ag iarraidh Seán a shábháil agus táimid uilig mar a gcéanna, ach tá níos mó na neart coirp da dhíobháil chun sin a dhéanamh a ghasúir. Anois, bheadh ar a laghad triúir de dhíth chun an rud seo a dhéanamh agus tá mise rud beag ró-shean. Tá Proinsí breá aclaí go fóill ach tá fear maith eile le roghnú le dhul leis an beirt agai-bhse.” Bhí lúcháir ar Fheadaímó go raibh siad chun rud éigin a dhéanamh agus shuí sé ina aice le Proinsí agus ghlac sé ubh as an phota. “Cad é fá Chonal Óg? a dúirt sé, “bhí cuma ar an fhear sin go raibh troid ina ghoile.” “Scoth fear” a dúirt Proinsí ach caithfear cuimhne go raibh an cóta dearg air féin lá den tsaoil.” D’éirigh Páidí, “ní ar a thoil féin a chaith sé an chulaith sin a dheartháir. Dá bhfaigheadh kidnappers Dhoire greim scornach ort féin bheifeá ag máirseáil don Rí thall fosta.” D’imigh sé anonn chuig bacht na Mac Giolla Bhríde agus labhair sé le Conal. Choinnigh Fheadaímó súil ar a athair agus ní raibh an darna ubh ite aige go dtí go bhfaca sé an bheirt ag tarraingt air. “Coinneoidimid na glórtha íseal a fheara is maith atá a fhios agaibh an dóigh a scaipeann fuaim faoin chnoc seo. Tá Conal Óg anseo sásta cuidiú a thabhairt dúinn rud éigin a dhéanamh fá Sheán Mhaire Den. Tá lúcháir orm féin gur amhlaidh atá mar beidh a chuid taithí a dhíobháil roimh an mhaidin. Caithfidh sibh cuimhne a choinneáil ar dhá rud. Má éiríonn libh anocht cha dtig libh Seán a thabhairt na bhaile. Caithfidh sé an tír a fhágáil go socróidh rudaí síos Agus an darna rud, má gheobhann siad amach gur muidne a rinne an gníomh beimid uilig ag déanamh damhsa an chrochta. Bigí cúramach. Anois, seo é an plean atá agam.....

Beidh an cuid eile sa chéad eagrán eile.



## An Chéad Chomaoineach

Seo roinnt pictiúr galánta de pháistí na dtrí bhunscoil agus iad indiaidh an Chéad Chomaoineach a dhéanamh in Eaglais Eoin Baiste, Carraig Airt. Séisiúr is fiche acu ar fad a bhí ann agus ina gcuideachta sna pictiúir tá an t-Athair Cathal Ó Beirne agus na múinteoirí a rinne réidh iad le haghaidh na hócáide móire. Indiaidh an Aifrinn bhí sólaistí ar fáil daofa uilig, dá dtuismitheoirí agus dá gcairde in Halla na Paróiste agus is cinnte go raibh lá ar fheabhas acu go h-am luí!



### Stella Maris

*Tá léitheoirí de dhíobháil faoi choinne Aifreann a deich i dTeach Phobail Stella Maris agus má tá suim agat a bheith páirteach ann cuirigí isteach bhur n-ainmneacha do Chéim Aniar le bhur dtoil.*

Cé hé seo?  
Nach bhfuil sé naofa i gcosúlacht !!

### CAMPAÍ SAMHRAIDH CHÉIM ANIAR 2006

Tá dhá Champa Samhraidh á n-eagrú ag Coiste Céim Aniar i mbliana do na páistí bunscoile idir 6 agus 12 bliana d'aois, ceann i mí Iúil agus ceann i mí Lúnasa. Beidh an dá Champa seo foscailte fosta do pháistí cuairteoirí ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus iad ar saoire i nGaeltacht Ros Goill. Seo iad na dátaí :

**Luan 3 – Aoine 7 Iúil 2006 10am – 3pm gach lá.**

**Luan 14 – Aoine 18 Lúnasa 2006 10am – 3pm gach lá**

**Ionad : Clubtheach Chumann Lúthchleas Gael, Na Dúnaibh**

Beireadh na páistí lón leofa. Beidh costas de €35 do gach páiste don seachtain. Beidh na hábhair uilig déanta tré mheán na Gaeilge agus tá réimse leathan imeachtaí á phleanáil amuigh faoin spéir agus taobh istigh.

Tá muid ag pleanáil imeachtaí fosta cupla lá gach seachtain i rith Mí Iúil agus Mí Lúnasa do na páistí atá mar pháirt don Tionscnamh Pleanála Teanga. Cuirfear eolas chuig na tuismitheoirí faoi seo go luath.

**Le d'áit a chur in áirithe agus/nó le tuilleadh eolais a fháil, cuir scairt ar Fíona nó Caitlín ag 9154830.**



**Údarás na Gaeltachta**

**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta**  
**Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs**